**An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

A chairde,

Beatha agus sláinte chugaibh.

Mar is eol daoibh, i í Márta 2024, chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in iúl do Choláistí Gaeilge nach mbeifí ag glacadh le hiarratais ar aitheantas faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge (SFG) do 2024 de réir mar a bhaineann le tithe lóistín i ndiaidh 1 Bealtaine 2024. Beidh an cleachtas seo á chur i bhfeidhm feasta de réir mar a bhaineann le spriocdháta iarratais ar aitheantas do thithe lóistín faoi SFG.

Tugtar faoi deara i roinnt cásanna go mbíonn coláistí i dteagmháil le teaghlaigh agus go mbíonn socrú i bhfeidhm, sula mbíonn iarratas ar aitheantas déanta nó sula mbronntar an t-aitheantas, go mbeadh na teaghlaigh sin ag glacadh le scoláirí faoi SFG. Déantar an socrú sin ar an tuiscint ár ndóigh go mbeadh na teaghlaigh incháilithe faoi SFG.

Is cur chuige é seo a d'fhéadfadh dúshlán a thabhairt do theaghlaigh agus coláistí araon agus ionchas míréadúil á chothú i leith soláthar lóistín i gcás na gcoláistí agus míthuiscint maidir le hincháilitheacht faoi SFG, mar aon leis na dreasachtaí ábhartha, i gcás na dteaghlach.

Ar mhaithe leis an ionchas míréadúil agus an mhíthuiscint seo a mhaolú, meabhraítear do Choláistí gur faoi gach teaghlach atá sé iarratas a dhéanamh ar aitheantas faoi SFG agus nach bhfuil ról an ag an gColáiste sa phróiseas sin. Níor mhiste, dá réir, na céimeanna maidir le hiarratas ar aitheantas faoi SFG a rianú:

Don teaghlach sin ar mian leo iarratas a dhéanamh ar aitheantas faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, ní mór dóibh:

1. Iarratas ar aitheantas a dhéanamh leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is gá an foirm a líonadh chuige seo agus a sheoladh ar ais go dtí an Roinn. Ní leor ríomhphost a chur ag lorg eolais.

2. Iarratas ar Ghrinnfhiosrúchán na nGardaí a dhéanamh le CONCOS. Ní féidir dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas aitheantais go dtí go bhfuil an Grinnfhiosrúchán bailí dearbhaithe.

3. Ní mór don teaghlach atá ag déanamh iarratas ar aitheantas cuairt chláraithe a shocrú leis an Roinn. Seolfar litir chuig an teaghlach go gairid i ndiaidh na cuairte seo ag cur in iúl dóibh ar éirigh nó nár éirigh leis an iarratas ar aitheantas.

**4.** An teach lóistín a chur in oiriúint do scoláirí a bheadh ar iostas faoi SFG, mar aon le teastas innealtóra don teach a sheoladh chuig an Roinn. **Níor chóir an chéim seo a ghlacadh go dtí go bhfuil deimhniú faighte i scríbhinn ón Roinn gur éirigh leis an teaghlach ina n-iarratas ar aitheantas faoi SFG.**

Bronnfar aitheantas i scríbhinn ón Roinn agus ní mór do theaghlaigh agus do choláistí a bheith aireach i gcónaí ar na critéir a bhaineann le haitheantas na Roinne.

Níl cead líon scoláire níos mó ná mar atá ceadaithe faoi aitheantas na Roinne a chur in aon teaghlach. Níor cheart do choláistí an líon iomlán atá ceadaithe don teaghlach sin a shárú trí bhreis scoláirí a chur in aon teach lóistín. Tá sé ríthábhachtach ó thaobh cúrsaí cosaint leanaí agus cúrsaí sláinte agus sabháilteachta de go gcloífear leis seo i gcónaí. **I gcás sárú na gcoinníollacha sin, d'fhéadfadh an Roinn aitheantas a bhaint ó theaghlach agus nach mbeidís incháilithe faoi SFG feasta.**

Is mór againn bhur gcomhoibriú ar seo agus ná bíodh faitíos oraibh teagmháil a dhéanamh leis an rannóg má bhíonn aon cheist.

Le meas,

Rannóg na gColáistí Gaeilge

**An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
**Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, H91 KX39**

www.gov.ie